Féile Raifteirí 2008

Galway celebrate legendary Mayo minstrel

Meaitie Jó Shéamais Ó Fatharta ag seoladh 'Féile Raifteirí' le linn sheisiúin ceoil i mBaile Locha Riach le deireanas. Feictear Johnny Connolly, Ian Rafferty agus Nóirín Ní Ghrádaigh sa ghrianghraf leis.

A festival celebrating the song, poetry and music of Raftery takes place in Loughrea on Friday 28th to Sunday 30th March.

Local accordionist **Joe Burke** and fiddle maestro **Charlie Lennon** head an impressive musical line-up and expect to see young Spiddal sean-nós dancer **Seosamh Ó Neachtain** liven things up with a step or two!

On the singing front, Raidió na Gaeltachta's **Meaití Joe Shéamuis** and others will showcase some of Raftery's finest songs, while one of our greatest modern day poets, **Louis De Paor**, will also feature.

This years organisers have pulled out all the stops to provide a full and exciting programme of events. Including workshops in poetry, song and fiddle music, a singers' circle, sessions, a talk on Raftery and a grand concert in his honour, Féile Raifteirí 2008 will be a fitting celebration and commemoration of the legendary Raftery.

The official opening will take place on **Friday 28th March** at An Teach Beag at **9pm** sharp.

Galway's own **Joe Mc Donagh** will be on hand with just the right amount of wit and gravitas to get the festival weekend underway!

Further Information:
Pádraig Ó Baoill *091-870718* **prua@lochariach.com**

Seoladh Féile Raifteirí 28-30 Márta 2008 mar chlabhsúr d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge i mBaile Locha Riach le deireannas. Bhí seisiún ceoil eagraithe Oíche Fhéile Pádraig agus **Meaitie Jó Shéamuis Ó Fátharta** is **Johnny Connolly** mar aoi-cheoltóirí ag an seisiún gaelach.

Tógadh ónóir an seolaidh do **Mheatie Jó** a bhéas mar dhuine de na aoíonna speisialta a bhéas ag glacadh páirte san fhéile. Ag breathnú ar an chlár, chreid sé go raibh comóradh iontach leagtha amach in ómós Raifteirí ag an choiste eagraithe agus gnéithe ag ceiliúradh na buanna éagsúla a bhí ag an fhile ildánach.

I measc imeachtaí dheireadh na seachtaine 28-30 Márta i mBaile Locha Riach, beidh ceardlanna ag díriú ar an fhilíocht, ar an fhidleoireacht, ar an scríbhneoireacht, ar agallamh beirte is luibíní, ar an amhránaíocht traidisiúnta is ar an tsean-nós agus ar chumadh na n-amhrán fosta. Beidh ciorcail amhránaíochta, seisiúin ceoil is filíochta, léacht ar a shaol is a shaothar agus cuirfear clabhsúr leis an fheile le ceolchoirm mhór.

Tá go leor aoínna speisialta ar an chlár i mbliana, ina measc; *Rónán Ó Snodaigh, Joe Burke is Ann Conroy Burke, Charlie Lennon, Paul O Shaughnessy, Claire is Breda Keville, Tim Collins is Claire Griffin, Paul Bradley, Verena Commins, Colm, Finbar is Seosamh Ó Neachtain, Meaitie Jó Shéamuis, Mairéad Ní Fhlatharta, Síle Ní Fhlatharta, Éamonn Ó Donnchadha, Fearghas Mac Lochlainn, Louis De Paor, Ré Ó Laighléis, Seán Mac Aindreasa, Ciarán Ó Coigligh* agus *Seosamh Mac Donncha.*

Cinnte, tá lucht eagraithe iontach sásta as ucht an urraíocht is tacaíocht atá tugtha dóibh ó eagraíochtaí éagsúla mar:

An Comhairle Ealaíon, Foras na Gaeilge, RTÉ Raidió na Gaeltachta, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin, Baffle, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Conradh na Gaeilge is Gaeilge Locha Riach. Gan a leithéid ní bheadh sé i gcumas an choiste clár chomh leathan a chur ar fáil. Seo a leanas achoimre ar bhuaicphointí na féile i mBaile Locha Riach:

Aoine 28 Márta: An Seomra Glas, An Teach Beag

* 7.00 i.n. ar aghaidh....Ceardlann amhránaíochta traidisiúnta, fáiltiú is oscailt oifigiúil na féile, ciorcal amhránaíochta ceoil is filíochta.

Satharn 29 Márta: Óstán O'Deas agus Gaelscoil Riabhach

* Ceardlann scribhneoireachta ar 'Bunús Script Scannáin'
* Ceardlanna ar an fhidil (3 leibheál)
* Léacht ar Raifteirí, file.
* Raifteirí is Cleamairí Locha Riach
* Seisiún ceoil

Domhnach 30 Márta: Óstán O'Deas agus Gaelscoil Riabhach

* Aifreann na Féile... (Otharlann Naomh Breandáin)
* Ceardlann Filíochta
* Ceardlanna ar an Fhidil (ar lean)
* Ceardlann ar an tSean-nós
* Ceardlann ar scríobh na n-amhrán
* Ceardlann ar Lúibíní is Agallamh Beirte
* Ceolchoirm Mhór na Féile ... [Tigh Kinsella]

Moltar do dhaoine clárú do na ceardlanna agus ticéidí a fháil don cheolchoirm go luath.
Tá a thuilleadh eolais ar fáil ag ***Gaeilge Locha Riach*** ag ***091 870718*** nó ag prua@lochariach.com